Ráiteas Straitéise Iascach Intíre Éireann 2026-2030 a fhorbairt

Doiciméad Oibre Leagan 3 – le haghaidh Comhairliúcháin

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Cuspóir an doiciméid seo

Leagtar amach sa doiciméad seo na codanna seo a leanas de dhréacht oibre Ráiteas Straitéise IIÉ le haghaidh 2026-2030:

- Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna
- Ceithre Thosaíocht Straitéiseacha, agus tionscnaimh agus torthaí gaolmhara:
  - Caomhnú
  - Forfheidhmiú
  - Athchóiriú
  - An cás a throid
- Ceithre Chumasóir Straitéiseacha

Iarraimid aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara ar na hábhair seo a leanas:

- Tabhair do dhearcadh ar an bhFís, an Misean agus na Luachanna atá beartaithe le haghaidh IIÉ sna 5 bliana amach romhainn
- An bhfuil na 4 Thosaíocht Straitéiseacha agus na Tionscnaimh agus Torthaí gaolmhara iomchuí?
- An bhfuil na 4 Chumasóir Straitéiseacha atá beartaithe agus na Príomhthosaíochtaí iomchuí?
- An bhfuil aon réimse nó saincheist nach bhfuil sa straitéis ar cheart a bheith inti, dar leat?
- Tabhair aon tuairim ghinearálta eile ar an dréacht-Ráiteas Straitéise

Fís

Tacaíonn na haibhneacha, na lochanna agus na héiceachórais chósta atá againn le pobail fhlúirseacha éisc do na glúnta atá le teacht.

Bunchuspóir

Déanfaimid ár n-iascaigh, ár n-éisc, ár ngnáthóga agus ár mbithéagsúlacht a chaomhnú, a chosaint agus a athchóiriú, agus tacóimid leo.

Luachanna

1. Táimid tiomanta do thimpeallacht shláintiúil agus don inbhuanaitheacht.
2. Oibrímid i gcomhar a chéile le teann gairmiúlachta.
3. Déanaimid cumarsáid go hoscailte trédhearcach.
4. Gníomhaímid le meas, ionracas agus cuntasacht.

Creat Straitéiseach

Beidh ár**dTosaíochtaí Straitéiseacha** mar threoir dár sainchúam sna 5 bliana amach romhainn. Tá gach tosaíocht comhdhéanta de thionscnaimh tacaíochta agus de thorthaí

Tá ár **gCumasóirí Straitéiseacha** ina mbunús le gach a ndéanaimid chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Tá gealltanais leagtha amach againn chun gach cumasóir a neartú.

Ár bhFoireann

Tacú lenár bhfoireann chun sármhaitheas a sholáthar

Ár Rialachas

Rialachas láidir a oibríonn de réir na gcaighdeán is airde

Ár nEolas

Leas a bhaint as cumhacht ár n-eolais, ár sonraí agus ár dteicneolaíocht faisnéise

Ár gComhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibríocha láidre a fhorbairt

DRÉACHT
Le haghaidh comhairliúcháin amháin

Ár Rialachas

Ár Rialachas - Comhthéacs

Ár Rialachas

Rialachas láidir a oibríonn de réir na gcaighdeán is airde

Le blianta beaga anuas, d'éirigh sé ní ba shoiléire agus ní ba shoiléire go raibh gá le creat rialachais níos láidre, rud a d’fhág gur tugadh faoi athbhreithnithe agus measúnuithe cuimsitheacha. Leagadh béim i dTuarascáil Athbhreithnithe EY, a rinneadh i mí na Samhna 2023, ar roinnt réimsí le feabhsú agus rinneadh 11 moladh a bhain le soiléireacht ról agus freagrachtaí, éifeachtacht an bhoird agus na gcoistí ó thaobh struchtúir de, agus an gá atá le hoiliúint agus forbairt leanúnach, i measc nithe eile.

Mar thoradh air sin, tá sraith tionscnamh curtha i gcrích ag Iascach Intíre Éireann a raibh sé mar aidhm acu cleachtais rialachais a fheabhsú, lenar áiríodh struchtúir an bhoird a athailíniú, fochoistí a bhunú, agus creat measúnaithe rialachais a fhorbairt. Sa tuarascáil dul chun cinn is déanaí ó Iascach Intíre Éireann (Nollaig 2024), léirítear go bhfuil dul chun cinn dearfach á dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí rialachais.

Tá tuilleadh iarrachtaí beartaithe chun struchtúir rialachais a neartú ó thús deireadh 2025 agus tá ‘Ár Rialachas’ leagtha síos mar chumasóir straitéiseach ríthábhachtach sa dréacht de Phlean Corparáideach 2026-2030. Is léiriú iad na hiarrachtaí atá ag leanúint ar aghaidh ar an dúthracht atá á caitheamh againn le feabhas a bhaint amach agus an dea-chleachtas rialachais a fhí isteach san eagraíocht.

TOSAÍOCHT A: CAOMHNÚ

Déanfaimid pobail éisc na hÉireann a chosaint agus a chothabháil trí bheartais agus tionscadail atá bunaithe ar fhianaise chun bithéagsúlacht éisc in Éirinn a chaomhnú.

Comhthéacs

Tá reachtaíocht, amhail an tAcht um Iascach Intíre 2010, an Creat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Gnáthóga, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre caomhnaithe. Beidh tionchar ag an Dlí um Athbhunú Dúlra atá le teacht agus ag Airteagal 55 (de Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1224/2009) ar ár gcuid oibre freisin. Soláthraíonn an reachtaíocht seo an sainordú dár ngealltanas maidir le pobail éisc a chosaint agus a chothabháil, go háirithe na speicis sin atá i mbaol.

Le scór bliain anuas, tá bagairtí méadaitheacha ar ghnáthóga éisc, rud a fhágann go bhfuil meath mór tagtha ar stoic éisc. Chuireamar athrú straitéiseach ar ár n-iarrachtaí oibre mar thoradh ar an treocht scanrúil seo, agus dírítear ar shaineolas nua a fhorbairt i gcleachtais chaomhnaithe den chéad ghlúin eile. Áirítear lenár gcur chuige ilghnéitheach taighde agus forbairt, rochtain ar shlatiascaireacht a bhainistiú, speiceas ionrach a bhainistiú, agus Plean Bainistíochta Lochanna an Iarthair a chur i bhfeidhm, agus tá sé mar aidhm leo sin uile éiceachórais uisceacha a athchóiriú agus a chaomhnú. Riaraimid cistí freisin chun tacú le tionscadail chaomhnaithe ar fud na hÉireann, rud a chinntíonn iarracht chomhoibríoch chun ár n-acmhainn iascaigh a chosaint agus iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn do na glúnta atá le teacht.

Faoinár bPlean nua, leanfaimid lenár gcuid oibre caomhnaithe le bradán agus breac donn, agus déanfaimid ár n-iarrachtaí a leathnú amach chuig speicis atá níos mó i mbaol. Féachaimid lenár gcumas sonraí a fheabhsú freisin, chun eolas a chur ar fáil do chleachtais bhainistíochta oiriúnaitheacha atá bunaithe ar fhianaise, agus chun tionscadail chaomhnaithe spriocdhírithe atá i gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a mhaoiniú.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

1. Straitéis dhinimiciúil taighde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
2. Úsáid a bhaint as ár gcumas taighde fheidhmigh agus forbartha nuálaí chun bonnlíne a chruthú, agus measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar stádas caomhnaithe speiceas éisc na hÉireann.
3. Infheistíocht i gcaomhnú speiceas éisc atá i mbaol a mhéadú, lena n-áirítear bradán agus breac donn ach gan a bheith teoranta dóibh.
4. Ár bpróisis bailithe sonraí a fheabhsú agus a nuachóiriú maidir lenár bpróisis chaomhnaithe, ionas gur féidir linn cur chuige bunaithe ar fhianaise a úsáid, cuir i gcás bainistíocht oiriúnaitheach, chun bealaí nua oibre a bhrú chun cinn.
5. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail chaomhnaithe shainithe atá i gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, agus tionchar a léiriú tríd ár bpróisis monatóireachta agus meastóireachta.
6. Comhairle a chur ar an Aire maidir le cúrsaí a bhaineann le caomhnú chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartais agus chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar iarrachtaí caomhnaithe a leagan amach.
7. Iniúchadh a dhéanamh ar ár gcumas maidir le réitigh athchóirithe nuálacha, m.sh. eDNA, agus iad a fheabhsú.
8. Na gealltanais i bPlean Bainistíochta Lochanna an Iarthair a chomhlíonadh.

Torthaí

- Comhlíonfaimid ár sainchúram reachtúil agus na gealltanais a cheanglaítear orainn le reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE.
- Is féidir linn a léiriú go bhfuil tionscnaimh curtha i gcrích go rathúil againn a bhfuil sé mar aidhm acu stop a chur le meath na speiceas atá i mbaol, m.sh. bradán, loimpre
- Is féidir linn feabhsuithe ar ghnáthóga éisc a thomhas i gcomhréir lenár bpleananna.
- Caomhnóimid stoic éisc chun slatiascaireacht inbhuanaithe a chur ar fáil ar mhaithe le buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta.
- Léireoimid luach caipitil nádúrtha iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta mara.
- Comhoibrímid lenár bpáirtithe leasmhara ginearálta mar cheannaire agus saineolaí caomhnaithe in Éirinn.

DRÉACHT
Le haghaidh comhairliúcháin amháin

TOSAÍOCHT B: FORFHEIDHMIÚ

Díreoimid ár ngníomhaíocht forfheidhmithe ar chásanna de thruailliú uisce, scriosadh gnáthóige agus iascaireacht neamhdhleathach, agus úsáid iomlán á baint as na cumhachtaí reachtacha atá againn.

Comhthéacs

Is muidne an phríomhghníomhaireacht iascaigh in Éirinn agus tá an t-údarás reachtúil againn chun sáruithe a bhaineann le maruithe éisc, scriosadh gnáthóige, iascaireacht neamhdhleathach, agus sceitheadh a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce agus a dhéanann dochar do phobail éisc a fhorfheidhmiú agus a ionchúiseamh. Ní hamháin go dtacaíonn an fhreagracht ríthábhachtach seo le héiceachórais agus bithéagsúlacht a chosaint, ach cuidíonn sí freisin le sláinte an phobail a chosaint agus sáruithe ar dhlíthe comhshaoil a chosc ar fud na tíre.

Faoin bplean straitéiseach a bhí againn roimhe seo, d'éirigh linn 460 ionchúiseamh a dhéanamh, rud a léiríonn ár dtiomantas daingean do rialacháin a chosnaíonn éiceachórais uisceacha a fhorfheidhmiú. Ag féachaint chun cinn, tugann ár bplean nua tús áite do chumas, tacaíocht, oiliúint agus uasoiliúint a mhéadú dár sainchúram forfheidhmithe sna réimsí cosanta gnáthóg agus cáilíochta uisce. Cuirfidh an feabhsú seo ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhshaoil atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí agus an comhlíonadh a dhéanamh ina chuid dár gcuid gníomhaíochta ó lá go lá.

Trínár gcumas forfheidhmithe a neartú agus a nuachóiriú, agus trí oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile, tá sé mar aidhm againn comhshaol níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus an cás a throid ina leith, comhshaol a léireoidh agus a chothóidh meas ar ár n-acmhainní nádúrtha agus a spreagfaidh cleachtais chomhshaoil fhreagracha i ré an athraithe aeráide. Agus é sin á dhéanamh againn, táimid ag tacú le sláinte fhadtéarmach ár n-éiceachóras agus le sláinte na bpobal a bhraitheann orthu.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

1. An reachtaíocht reatha a chur i bhfeidhm go hiomlán chun dea-thorthaí a uasmhéadú d'éisc agus d'éiceachórais fionnuisce trí ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus ionchúisimh.
2. An cás a throid i leith reachtaíocht agus pionóis níos láidre chun éiceachórais iascaigh a chosaint.
3. Uasoiliúint a chur ar ár n-oifigigh chosanta i bhforfheidhmiú cáilíochta uisce agus i gcumas cosanta gnáthóg de réir an dea-chleachtais chun tacú lenár gcumas foriomlán maidir le forfheidhmiú comhshaoil.
4. Comhoibriú agus comh-sholáthar a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe comhshaoil eile chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do ghnáthóga agus don bhithéagsúlacht i ré an athraithe aeráide.
5. Cumarsáid a dhéanamh go rialta leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara faoi na torthaí tábhachtacha agus an tionchar a bhíonn ag ár gcuid oibre forfheidhmithe don chomhshaol.
6. Infheistiú inár gcumas agus inár solúbthacht chun freagra a thabhairt ar thosaíochtaí forfheidhmithe.
7. Plean oiriúnaitheach acmhainní agus cur chun feidhme a fhorbairt chun ár bhfreagrachtaí nua a chomhlíonadh, lena n-áirítear an Tuinnín Gorm, an Dordán Mara agus gach speiceas éisc eile a chosaint faoi shainchúram reachtúil IIÉ, Airteagal 55 a chomhlíonadh agus Plean Bainistíochta Lochanna an Iarthair.
8. Ár gcumas a mhéadú chun freastal ar na brúnna méadaithe a eascraíonn as neamhchomhlíonadh reachtaíochta comhshaoil, agus as forbairt bonneagair talmhaíochta, tithíochta, fuinnimh, iompair, uisce agus fuíolluisce.

Torthaí

- Méadú a chur ar chomhlíonadh le reachtaíocht.
- Tá méadú curtha againn ar gach cineál gníomhaíochta forfheidhmithe agus ar ár gcumas.
- Tá tacaíocht tugtha againn do reachtaíocht fheabhsaithe agus do phionóis níos airde a thabhairt isteach.
- Torthaí níos fearr ar fhorfheidhmiú cáilíochta uisce agus cosanta gnáthóg.
- Is féidir linn a léiriú go bhfuil comhoibriú rathúil déanta againn le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile a bhfuil méadú tagtha ar chomhlíonadh agus ar dhíspreagadh gníomhaíochta neamhdhleathaí mar thoradh air.
- Tras-bharántas a bhaint amach le heagraíochtaí forfheidhmithe comhshaoil eile.

TOSAÍOCHT C: ATHCHÓIRIÚ

Beimid i gceannas ar iarrachtaí athchóirithe chun leasa iascaigh intíre trí ghnáthóga uisceacha a athshlánú agus a fheabhsú.

Comhthéacs

Faomhadh an Dlí um Athbhunú an Dúlra in 2024, rud a leagann béim, mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht agus an Plean Gníomhaíochta Uisce, ar an ngá mór atá le meath na bithéagsúlachta a aisiompú agus ár n-éiceachórais a athchóiriú. Táimidne in Iascach Intíre Éireann chun tosaigh cheana i dtionscnaimh chlaochlaitheacha éagsúla atá bunaithe ar theicneolaíocht agus sonraí, arb aidhm le gnáthóga éisc, pobail éisc agus na héiceachórais ina gcónaíonn siad a fheabhsú. Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíocht don obair thábhachtach seo faoinár bplean nua.

Aithnímid go dteastaíonn cur chuige córasach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta agus ar dhíghrádú éiceachórais agus leanfaimid orainn ag díriú ar chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí comhshaoil eile, chun iarrachtaí athchóirithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Tá tiomantas leanúnach againn d'athrú dearfach atá dírithe ar an am atá le teacht ar athchóiriú éiceachóras agus aibhneacha a bhíonn ag sreabhadh go saor a bhrú chun cinn. Is sampla ríthábhachtach amháin a léiríonn an tiomantas seo ár gcuid oibre trí na Cláir Náisiúnta Bacainní.

Aithnímid freisin go bhfuil riachtanais athchóirithe uathúla ag gach ceantar a dteastaíonn pleanáil chúramach ina leith, agus táimid tiomanta dár gcumas speisialaithe a leathnú amach agus a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha seo go héifeachtach faoinár bplean nua. Trí chomhoibriú a chothú agus réitigh cheannródaíocha a ghlacadh chugainn féin, tá sé mar aidhm againn ár n-éiceachórais iascaigh a athchóiriú chun leasa chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann inniu agus amach anseo.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

1. Tionscadail agus tionscnaimh athchóirithe atá claochlaitheach a shainaithint agus a chomh-sholáthar lenár gcomhpháirtithe chun leasa pobal éisc ar scála mór, amhail Cláir Chomhtháite Bainistíochta Dobharcheantair, chun cabhrú le torthaí comhshaoil a uasmhéadú. Tabharfar tosaíocht do thionscadail de réir a thábhachtaí atá siad go straitéiseach, na buntáistí a d'fhéadfadh teacht astu, agus indéantacht an athchóirithe.
2. Cláir a chur i bhfeidhm a thacaíonn le haibhneacha a shreabhann go saor, lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Bacainní, an clár suaitheanta athchóirithe atá á sholáthar againn i gcomhthéacs na Creat-treorach Uisce.
3. Leanúint dár gcumas agus saineolas nuálach a fhorbairt le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le taighde, caighdeáin agus modhanna hidreamoirfeolaíochta in Éirinn.
4. Foinsí nua maoinithe do chláir athchóirithe a shainaithint.
5. Comhairle a chur ar an Aire maidir le cúrsaí a bhaineann le hathchóiriú gnáthóg chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartais agus chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar iarrachtaí caomhnaithe a leagan amach.

Torthaí

- Is féidir linn feabhas ar ghnáthóg uisceach mar thoradh ar ár gcuid oibre a léiriú.
- Cuirimid cuspóirí athchóirithe an Chláir Náisiúnta um Maolú Bacainní i bhfeidhm.
- Aithnítear muid mar cheannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hathchóiriú gnáthóg uisceach in Éirinn.
- Is féidir linn fianaise a thabhairt ar chomh-sholáthar rathúil lenár gcomhpháirtithe agus le pobail áitiúla ar thionscadail athchóirithe comhtháite.
- Chuireamar le cur i bhfeidhm an Dlí um Athbhunú an Dúlra in Éirinn i ndáil le gnáthóga uisceacha agus éisc.

TOSAÍOCHT D: AN CÁS A THROID

Déanfaimid an cás a throid go réamhghníomhach, agus insint fhianaise-bhunaithe á húsáid againn, i leith chaomhnú agus athchóiriú acmhainn na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta.

Comhthéacs

Ó bunaíodh é, tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn IIÉ. Tá brúnna tagtha ar acmhainn na n-iascach intíre, agus tá dúshláin nua aeráide agus comhshaoil romhainn nach mór dúinn oiriúnú dóibh i gcónaí agus iad a mhaolú. Ina theannta sin, tá coinne le reachtaíocht nua, amhail an Dlí um Athbhunú an Dúlra.

I gcomhthéacs na géarchéime comhshaoil seo, is gá an cás a throid go láidir chun oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air a bhrú chun cinn. Caithfidh IIÉ bheith ina ghlór láidir chun á n-acmhainní áitiúla a fheabhsú agus a chaomhnú do na glúnta amach romhainn.

Is gá dúinn an cás a throid go gníomhach agus ar bhealach fianaise-bhunaithe chun úinéireacht a ghlacadh ar an gcaoi a labhraítear faoin scéal agus chun tionchar a imirt ar athruithe ar chúrsaí comhshaoil, caomhnaithe agus athchóirithe. Trí chultúr rialachais a chothú a mbeidh trédhearcacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara mar bhonn faoi, is féidir linn a chinntiú go mbeidh ár n-abhcóideacht bunaithe ar chuntasacht agus ar ionracas.

Leanfaimid dár ról tábhachtach i leith comhairle a chur ar an Aire agus ar an rialtas maidir le hiarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe, agus úsáid á baint againn as an saineolas atá againn atá in oiriúint don am atá le teacht agus as an anailísiú sonraí. Leanfaimid de thionscnaimh oideachais phoiblí a stiúradh chun feasacht a mhúscailt faoinár n-iarrachtaí claochlaitheacha caomhnaithe agus athchóirithe. Bainfimid úsáid as na deiseanna atá ar fáil dúinn, mar shampla uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, chun an cás a throid dár dtosaíochtaí straitéiseacha.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

1. An cás a throid leis an rialtas maidir le caomhnú, athchóiriú agus bainistíocht fhianaise-bhunaithe ar acmhainn na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta mara chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartais.
2. An cás a throid i leith reachtaíocht agus pionóis níos láidre chun éiceachóras na n-iascach a chosaint.
3. Cumarsáid rialta leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara faoi na torthaí tábhachtacha agus faoin tionchar a bhíonn ag ár gcuid oibre ar son an chomhshaoil, lena n-áirítear dea-scéalta agus tionscnaimh nuálacha a roinnt ar ár gcainéil phoiblí.
4. Bheith i gceannas ar oideachas poiblí, agus ar thionscnaimh agus imeachtaí for-rochtana, agus eolaíocht shaoránach a spreagadh, chun tacú le maoirseacht agus chun feasacht a mhúscailt maidir leis an obair chaomhnaithe agus athchóirithe a theastaíonn chun ár ngnáthóga uisceacha, cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht éisc a chosaint.
5. Plean rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt, lena n-áirítear mapáil geallsealbhóirí agus cur chuige rannpháirtíochta (m.sh. imeachtaí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo).
6. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár straitéis maidir le gníomhaíochtaí ardtionchair for-rochtana agus oideachais, m.sh. Straitéis um Shlatiascairí Úrnua.
7. An cás a throid i leith rannpháirtíocht ionchuimsitheach i slatiascaireacht inbhuanaithe.

Torthaí

- Aithnítear muid mar ghlór ceannródaíoch i gcaomhnú, athchóiriú agus bainistíocht fhianaise-bhunaithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag ár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí stáit eile.
- Déanaimid idirghníomhú ar an leibhéal ceaptha beartais leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí stáit agus idirnáisiúnta/AE eile, agus bíonn tionchar againn orthu.
- Tá feasacht agus tacaíocht níos fearr cothaithe againn i measc an phobail dár dtosaíochtaí straitéiseacha.
- Tá comhpháirtíochtaí éifeachtacha cothaithe againn, agus líonra tacadóirí a thagann lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
- Tá athrú déanta ar reachtaíocht chun tacú níos fearr le IIÉ a shainchúram a chomhlíonadh.

Cumasóirí Straitéiseacha

Ár bhFoireann

Tacú lenár bhfoireannchun sármhaitheas a sholáthar

Déanfaimid cultúr d'oscailteacht, de chumarsáid agus de chomhoibriú a shainmhíniú, agus déanfaimid timpeallacht a chothú ina mbeidh ár bhfoireann an-spreagtha chun ár bhfís agus misean a chur i bhfeidhm. Aithneofar ár bhfoirne ardfheidhmíochta mar shaineolaithe ina réimse, agus beidh dóthain cumais, tacaíochta agus oiliúna acu chun a róil a chomhlíonadh go héifeachtúil agus de réir na gcaighdeán is airde. Forbróimid lucht saothair oilte agus athléimneach ar fud ár n-eagraíochta a mbeidh an cumas ceart agus an nascacht cheart acu chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Tionscnamh ríthábhachtach:
Straitéis AD a fhorbairt chun tacú le soláthar na dtosaíochtaí straitéiseacha.

Ár Rialachas

Rialachas láidir a oibríonn de réir na gcaighdeán is airde

Beidh cáil orainn mar eagraíocht a dhéanann rialachas láidir atá i gcomhréir leis na caighdeáin is airde, rud a thacaíonn lenár bhfeidhmíocht ardcháilíochta agus a chuireann torthaí intomhaiste ar fáil. Coinneofar ár gcórais rialachais fheabhsaithe ar bun chun a stóinseacht a chinntiú agus chun tacú le cinnteoireacht thrédhearcach agus cuntasacht.

Tionscnamh ríthábhachtach:
Coinneoimid creat rialachais láidir ar bun, trí phróisis dhigitithe sruthlínithe, a thacaíonn le cinnteoireacht agus bainistíocht riosca éifeachtach, agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha á soláthar againn.

Cumasóirí Straitéiseacha

Ár nEolas

Leas a bhaint as cumhacht ár n-eolais, ár sonraí agus ár dteicneolaíochta faisnéise

Bainfimid leas as cumhacht na sonraí, na teicneolaíochta faisnéise (TF) agus ár n-eolas comhchoiteann chun eolas agus tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann, dár straitéisí, dár mbeartais agus dár dtionscadail.

Cuirfimid feabhas ar chumas ár bhfoirne maidir le bailiúchán sonraí, stóráil sonraí agus chomhtháthú sonraí, chun cáilíocht sonraí, rialachas agus dea-chleachtas a chinntiú. Cinnteoimid go mbeidh próisis struchtúrtha ar bun chun eolas agus léargas faoi ~~shonraí~~ agus sonraí iad féin a roinnt ar fud na heagraíochta. Tacóidh ár gcumas maidir le heolas agus sonraí lenár ról mar chomhairleoir iontaofa don rialtas, do pháirtithe leasmhara agus don phobal.

Bainfimid úsáid as teicneolaíocht agus déanfaimid ár gcórais a chomhtháthú agus ár bpróisis a chuíchóiriú chun seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar. Cinnteoimid go mbeidh próisis chibearshlándála láidre i bhfeidhm againn a bheidh oiriúnach don chuspóir.

Tionscnaimh ríthábhachtacha:

- Straitéis taighde agus eolais a fhorbairt
- Déanfar athbhreithniú seachtrach ar ár gcumas maidir le stóráil sonraí, comhroinnt sonraí agus comhtháthú sonraí, agus ar na córais agus cleachtais TF atá againn faoi láthair. Déanfar moltaí soiléire sa tuarascáil maidir le conas is féidir le feabhsuithe ar chumas sonraí agus TF tacú linn chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach i ndomhan digiteach atá ag athrú go mear.

Ár gComhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibríocha láidre a fhorbairt

Comhoibreoimid go gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha agus cruthóimid comhpháirtíochtaí láidre chun ár gcumas comhchoiteann a fheabhsú. Bunóimid Meabhráin Tuisceana a sholáthróidh comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus a fheabhsóidh tuairisciú ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Déanfaimid tionscadail chomhshaoil nuálacha a bhrú chun cinn, ar tionscadail iad a sholáthróidh torthaí comhroinnte chun leasa ár n-éiceachóras agus ár bpobal.

Tionscnamh ríthábhachtach:
Ár gcomhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go gcuirfidh siad feabhas ar sholáthar ár dtosaíochtaí straitéiseacha.